An Roinn Oideachais
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Tuairisc ar thorthaí suirbhéanna i mbunscoileanna, iarbhunscoileana agus scoileanna speisialta

## Deireadh Fómhair 2020

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Feabhra 2021

# Clár

**1. Réamhrá ....................................................................................4**

**2. Modheolaíocht ............................................................................5**

2.1 Dearadh an tsuirbhé 5
2.2 Sampla sonraí 5
2.3 Srianta an tsuirbhé 6
2.4 Ráta Freagartha 6
2.5 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo 7
2.6 Freagróirí 7
2.7 Anailís ar shonraí 10

**3. Léargas ar thorthaí an tsuirbhé ...................................................11**

3.1 Suirbhé ar phríomhoidí 11
3.2 Suirbhé ar mhúinteoirí 11
3.3 Suirbhé ar fhoghlaimeoirí 11
3.4 Suirbhé ar thuismitheoirí 12

**4. Eochairtheachtaireachtaí .............................................................13**

4.1 Eispéireas Scoile 13
4.1.1 Ag socrú ar ais ar scoil .................................................................... 13
4.1.2 Aistrithe ........................................................................................ 14
4.1.3 Eispéiris ó lá go lá........................................................................... 15
4.1.4 Ceisteanna Oibriúcháin .................................................................... 16
4.1.5 Tacaíochtaí maidir le hAthoscailt Scoileanna .......................................... 18
4.1.6 Rochtain a fháil ar chlúdach ó ionadaithe do mhúinteoirí atá as láthair ........ 19

4.2 Folláine 20
4.2.1 Tacaíochtaí d'fholláine foghlaimeora.................................................... 20
4.2.2 Feasacht ar an áit chun cabhair a lorg ................................................. 22
4.2.3 Tacaíochtaí d'fholláine foirne............................................................. 23
4.2.4 Deiseanna d'fhoghlaimeoirí sóisialú .................................................... 24
4.2.5 Scoileanna mar thimpeallachtaí oibre sábháilte....................................... 25

4.3 Teagasc agus Foghlaim 26
4.3.1 Teagasc agus Foghlaim ar an Iomlán .................................................... 26
4.3.2 Cur chuige teagaisc ......................................................................... 28
4.3.3 Tacaíochtaí don Mhúinteoireacht ........................................................ 29

4.3.4 Taithí an Fhoghlaimeora ... 30
4.3.5 Torthaí d’Fhoghlaimeoirí ... 31
4.3.6 Aiseolas ón bhFoghlaim ... 33
4.3.7 Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí ... 34
4.3.8 Infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ... 34
4.3.9 Socruithe d’fhoghlaimeoirí atá i mbaol an-ard ... 37
4.4 Cur i bhfeidhm bearta COVID-19 38
4.4.1 Oiliúint fhoirne ... 38
4.4.2 Polasaithe agus nósanna imeachta ... 38
4.4.3 Díghalrán Lámh ... 43
4.4.4 Clúdaigh aghaidheanna ... 45
4.4.5 Cumarsáid le tuismitheoirí ... 45
4.4.6 Socruithe i gcás dúnadh scoile iomlán nó páirteach ... 47
**5. Torthaí agus conclúidí ... 48**
5.1 Príomhchinntí 48
5.5.1 Eispéireas Scoile ... 48
5.5.2 Folláine ... 48
5.5.3 Teagasc agus Foghlaim ... 48
5.5.4 Cur i bhfeidhm bearta COVID-19 ... 49
5.2 Príomhchonclúidí 49

# 1. Réamhrá

Dúnadh bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta in Éirinn ar an 12 Márta 2020 bunaithe ar chomhairle ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (FNESP) mar chuid d'iarrachtaí an rialtais srian a choinneáil ar scaipeadh COVID-19, agus chuir múinteoirí an teagasc ó chian ar fáil do dhaltaí agus do scoláirí. Faoin 1 Meán Fómhair 2020 bhí gach scoil oscailte arís. Cuirtear i láthair sa tuairisc seo anailís ar shonraí ó shraith suirbhéanna a rinne an Chigireacht le linn na tréimhse, 14 Deireadh Fómhair go 23 Deireadh Fómhair 2020, thart faoi sé seachtaine tar éis do scoileanna athoscailt. Tugadh suirbhéanna d'fhoghlaimeoirí, do thuismitheoirí, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí i sampla de bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta ar fud na tíre.

Bhí na bealaí fiosrúcháin bunaithe ar fhaisnéis a tógadh le chéile le linn seisiúin chomhairleacha na Cigireachta le príomhoidí scoile agus ag saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a d'ardaigh geallsealbhóirí leis an Roinn. Rinneadh na suirbhéanna ar líne. Bhí na freagraí uile gan ainm.

Ba í aidhm na hanailíse seo:

- Léargas a thabhairt ar na héachtaí agus na dúshláin a bhí ag scoileanna le linn na tréimhse Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2020 seo de réir ceithre phríomhthéama
- Saincheisteanna ar leith a bhaineann le hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile nó scoileanna speisialta a aithint.

Tá an tuairisc seo ar cheann de shraith de thuarascálacha faoi ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna i rith na scoilbhliana 2020/21.

# 2. Modheolaíocht

## 2.1 Dearadh an tsuirbhé

Bhí ceisteanna na suirbhéanna bunaithe ar cheithre phríomhthéama:

| Téamaí Suirbhé |
|---|
| **1) Eispéireas Scoile** |
| **2) Folláine** |
| **3) Teagasc agus Foghlaim** |
| **4) Cur i bhfeidhm bearta COVID-19** |

***Tábla 1: Téamaí Suirbhé***

Tugadh na suirbhéanna do ghrúpaí freagróirí mar a léirítear i dTábla 2.

| Freagróirí | Bunscoileanna | Iar-bhunscoileanna | Scoileanna speisialta |
|---|---|---|---|
| **Príomhoide** | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Múinteoir** | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Foghlaimeoirí** | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Tuismitheoir** | ✓ | ✓ | ✓ |

***Tábla 2: Suirbhéanna deartha***

## 2.2 Sampla sonraí

Rinneadh teagmháil le príomhoidí na scoileanna uile roimh ré, ar an teileafón, chun iad a chur ar an eolas faoi na suirbhéanna. Seoladh nasc leis na suirbhéanna chuig scoileanna trí r-phost le linn na tréimhse 14 Deireadh Fómhair go 23 Deireadh Fómhair 2020. Bhí 250 scoil san iomlán i gceist leis na suirbhéanna. Tá líon na bhfreagróirí i ngach catagóir (tuismitheoirí, daltaí/scoláirí, príomhoidí agus múinteoirí) leagtha amach i dTábla 3. Baineadh úsáid as sampla difriúil scoileanna do gach grúpa freagróirí. Áiríodh sa sampla scoileanna iad siúd a raibh stádas DEIS acu, chomh maith le scoileanna

speisialta agus scoileanna trí Ghaeilge. Bhí an suirbhé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Sa suirbhé ar pháistí bunscoile, níor iarradh ach ar dhaltaí ó rang a trí go rang a sé an suirbhé a chomhlánú.

| Suirbhé | Bunscoileanna | Iar-bhunscoileanna | Scoileanna speisialta | Líon iomlán suirbhéanna seolta |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhoide** | 45 | 50 | 5 | 100 |
| **Múinteoir** | 29 | 18 | 3 | 50 |
| **Foghlaimeoir** | 29 | 18 | 3 | 50 |
| **Tuismitheoir** | 29 | 18 | 3 | 50 |

***Tábla 3: Líon na scoileanna inar riaradh suirbhéanna***

## 2.3 Srianta an tsuirbhé

Scaipeadh tacair sonraí príomhoidí, múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí ar fud sampla de 250 scoil éagsúil. Rinneadh suirbhéanna ar dhaltaí sa bhunscoil agus ar scoláirí in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta trí na scoileanna, agus sheol scoileanna faisnéis chuig tuismitheoirí ag tabhairt cuireadh dóibh tacú lena gcuid leanaí freagra a thabhairt ar an suirbhé. Bhí líon na scoileanna speisialta a sampláladh sna suirbhéanna tuismitheoirí, foghlaimeoirí, múinteoirí agus príomhoide níos lú ná iad siúd a sampláladh sna catagóirí bunscoile agus iar-bhunscoile.

## 2.4 Ráta Freagartha

Léirítear i dTábla 4 líon na bhfreagraí a fuarthas ó gach grúpa freagróirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Bhí freagra an-mhaith ar an bpríomhshuirbhé, agus d’fhreagair 82 príomhoide sa 100 scoil a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí meánmhéid na scoile ag an mbunleibhéal i bhfad níos lú ná an meánmhéid scoile ag an leibhéal iar-bhunscoile. I measc na scoileanna a ndearnadh sampláil orthu ag leibhéal na bunscoile, bhí scoileanna beirt mhúinteoirí agus scoileanna ina raibh daichead a ceathair múinteoir. I gcodarsnacht leis sin, 526 an meánlíon scoláirí a sampláladh ag leibhéal na hiar-bhunscoile, agus scoileanna samplacha ag freastal ar 39 go 1012 scoláire.

Iarradh ar thuismitheoirí an suirbhé a chomhlánú le haghaidh gach duine dá gcuid páistí a dhéanann freastal ar scoil.

| Suirbhé | Freagraí ó bhun scoileanna | Céatadán na bhfreagraí iomlána a fuarthas | Freagraí ó iar-bhun scoileanna | Céatadán na bhfreagraí iomlána a fuarthas | Freagraí ó iar-bhun scoileanna | Céatadán na bhfreagraí iomlána a fuarthas | Líon iomlán na bhfreagraí a fuarthas (n) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Príomhoide** | 39 | (48%) | 38 | 46% | 5 | (6%) | **82** |
| **Múinteoir** | 206 | (37%) | 317 | (57%) | 31 | (6%) | **554** |
| **Foghlaimeoir** | 1024 | (31%) | 2263 | (68%) | 24 | (1%) | **3311** |
| **Tuismitheoir** | 1724 | (39%) | 2669 | (60%) | 83 | (2%) | **4476** |

***Tábla 4: Líon na bhfreagraí (agus céatadan na bhfeagraí iomlána a fuarthas)***

## 2.5 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo

Léiríonn na tuairisceoirí a úsáidtear sa tuairisc seo na raonta céatadáin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| I mbeagnach gach cás | Níos mó ná 90% |
| Don chuid ba mhó | 75% – 90% |
| Tromlach* / níos mó ná leath | 51% – 74% |
| Leath | 50% |
| Níos lú ná leath / mionlach suntasach | 25% – 49% |
| Líon beag / níos lú ná ceathrú | 16% – 24% |
| I gcúpla cás | Níos lú ná 15% |


***Tábla 5: Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear***

## 2.6 Freagróirí

***Suirbhé Príomhoidí***


As na 39 príomhoide bunscoile a d'fhreagair, bhí beagnach dhá-chúigiú díobh ina bpríomhoidí teagaisc. D'oibrigh níos mó ná aon-trian de na príomhoidí bunscoile agus

iar-bhunscoile go léir a d'fhreagair i scoileanna DEIS. D'fhreagair príomhoidí uile na scoileanna speisialta a fuair suirbhé.





### *Suirbhé Múinteora*

Bhí dhá-thrian de na múinteoirí bunscoile a d’fhreagair ag múineadh i ranganna príomhshrutha agus bhí siad scaipthe beagnach go cothrom thar raon na ranganna ó naíonáin shóisearacha go rang a sé. Ba mhúinteoirí oideachais speisialta iad díreach os cionn an ceathrú cuid acu. D'fhreagair líon an-bheag múinteoirí Luath-Thosaitheoirí agus múinteoirí ranga speisialta freisin. Bhí an ceathrú cuid de na múinteoirí bunscoile a d'fhreagair ag obair i scoileanna DEIS. Ag leibhéal iar-bhunscoile, bhí beagnach gach




múinteoir a d'fhreagair ag obair i scoileanna neamh-DEIS. Ba mhúinteoirí ábhair beagnach gach múinteoir iar-bhunscoile a d'fhreagair. D'fhreagair tríocha-haon múinteoir ó scoileanna speisialta.




### *Suirbhé Foghlaimeoirí*

D'fhreagair níos mó buachaillí ná cailíní do shuirbhéanna na bhfoghlaimeoirí ag gach leibhéal. [1]




Bhí freagróirí daltaí bunscoile dáilte beagnach go cothrom ar fud na ranganna ó rang a trí go rang a sé. Bhí freagróirí iar-bhunscoile scaipte beagnach go cothrom ar fud na

[1] 1 Tugadh an rogha freisin d'fhoghlaimeoirí 'b'fhearr gan a rá' nó 'eile'.

mbliainghrúpaí ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain. Bhí foghlaimeoirí i scoileanna speisialta a d'fhreagair idir deich agus seacht mbliana déag d'aois agus bhí na freagraí scaipthe go cothrom ar fud na n-aoisghrúpaí.

***Suirbhé Tuismitheoirí***

D'fhreagair líon mór tuismitheoirí páistí ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile. Bhí freagra maith ann freisin ó thuismitheoirí páistí i scoileanna speisialta.

## 2.7 Anailís ar shonraí

Rinneadh anailís ar gach tacar freagraí ar na suirbhéanna trí úsáid a bhaint as bogearraí anailíse tuairiscithe agus suirbhéanna.

# 3. Léargas ar thorthaí an tsuirbhé

## 3.1 Suirbhé ar phríomhoidí

Léiríodh sna freagraí ar na príomhshuirbhéanna go raibh scoileanna, ar an iomlán, ag feidhmiú go héifeachtach sna seachtainí tar éis scoileanna a athoscailt. Chuir príomhoidí in iúl go raibh ag éirí go maith leis an teagasc agus an fhoghlaim ina gcuid scoileanna. Tugadh tacaíochtaí breise isteach chun tacú le folláine na foirne agus na ndaltaí. Bhí ardáin dhigiteacha i bhfeidhm ag beagnach gach scoil, agus bhí cur amach ag múinteoirí agus daltaí/scoláirí ar iad a úsáid. Chuir príomhoidí in iúl go raibh socruithe déanta chun a chinntiú go bhféadfadh scoláirí leanúint lena gcuid foghlama i gcás go ndúnfaí an scoil go páirteach nó go hiomlán. D'aontaigh siad go raibh bearta chun cosc a chur ar scaipeadh COVID-19 i scoileanna á gcur i bhfeidhm go rathúil.

## 3.2 Suirbhé ar mhúinteoirí

Bhí an chuid ba mhó de na múinteoirí den tuairim go raibh a scoil á rith go héifeachtach agus thug siad le fios go raibh siad ag déileáil go maith lena ról mar mhúinteoirí ó athosclaíodh na scoileanna. Bhí rochtain acu ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc, agus bhí an chuid ba mhó acu sásta leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag a gcuid daltaí/scoláirí lena gcuid foghlama. Chuir múinteoirí in iúl go raibh muinín acu ina gcumas ardáin dhigiteacha a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim. D'ainneoin na mbeart atá á gcur i bhfeidhm chun stop a chur le scaipeadh COVID-19 i seomraí ranga, léirigh tromlach na múinteoirí a sástacht leis an dóigh a raibh a gcuid teagaisc ag dul ar aghaidh agus leis an gcaoi a raibh daltaí/scoláirí ag gabháil dá gcuid foghlama. Bhí teorainneacha ag roinnt múinteoirí maidir leis an raon modheolaíochtaí a d'fhéadfaidís a úsáid i bhfianaise bearta maidir le scaradh sóisialta i scoileanna. Chuir múinteoirí imní in iúl freisin faoina bheith sábháilte ina scoil, agus bhí cuid acu den tuairim nach raibh daltaí/scoláirí ag cloí go dlúth leis na riachtanais maidir le sláintíocht láimhe agus scaradh sóisialta.

## 3.3 Suirbhé ar fhoghlaimeoirí

Tugadh le fios sna freagraí foriomlána ó fhoghlaimeoirí go raibh siad sásta a bheith ar ais ar scoil, go raibh siad an-sásta lena n-eispéiris scoile agus gur tugadh deiseanna dóibh súgradh/sóisialú lena gcomhghleacaithe. Bhí freagraí na bhfoghlaimeoirí an-dearfach i gcoitinne maidir le teagasc agus foghlaim, cé go raibh siad beagán níos lú i measc scoláirí iar-bhunscoile. Bhí roinnt difríochtaí sna freagraí a thug foghlaimeoirí bunscoile agus iar-bhunscoile maidir le cloí le rialacháin COVID-19 a bhí i bhfeidhm ina

gcuid scoileanna. Thuairiscigh foghlaimeoirí bunscoile agus speisialta leibhéil níos airde rannpháirtíochta leis na rialacha, go háirithe maidir le sláintíocht láimhe agus na riachtanais um scaradh sóisialta. D'aontaigh scoláirí iar-bhunscoile, áfach, gur thuig siad agus gur lean siad na riachtanais maidir le caitheamh cumhdaigh aghaidhe.

## 3.4 Suirbhé ar thuismitheoirí

Thuairiscigh tuismitheoirí daltaí/scoláirí ag gach leibhéal go raibh a gcuid páistí sásta a bheith ar ais ar scoil, cé gur thuairiscigh tuismitheoirí daltaí bunscoile leibhéil níos airde sástachta i measc a gcuid páistí ná tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile. D'aontaigh tuismitheoirí go ginearálta go raibh a gcuid páistí socraithe go maith ar scoil sa chéad téarma. Chuir tromlach na dtuismitheoirí in iúl freisin go raibh a gcuid páistí ag déanamh dul chun cinn lena gcuid foghlama, cé go raibh níos lú feasachta i measc tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile ar dhul chun cinn a gcuid páistí. Ar an iomlán, thug tuismitheoirí le fios go ndearnadh cumarsáid mhaith ó scoileanna faoi na bearta atá i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc agus bhí siad sásta go raibh iarrachtaí móra á ndéanamh ag scoileanna chun leathadh COVID-19 a chosc.


# 4. Eochairtheachtaireachtaí

## 4.1 Eispéireas Scoile

D'éirigh go maith leis an bhfilleadh ar scoil i Meán Fómhair 2020 ó pheirspictíochtaí fhormhór na gcatagóirí freagróirí go léir. D’aontaigh páistí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí go mór mór gur éirigh go maith le hathoscailt na scoileanna agus go raibh daltaí/scoláirí socraithe go maith sa scoil. Thuairiscigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh a scoil á rith go héifeachtach agus thug siad le fios go raibh siad ag déileáil go maith lena róil faoi leith. Bhí rochtain ag pearsanra scoile ar an gcáipéisíocht a d’ullmhaigh agus a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais chun ullmhú d’athoscailt scoileanna.


### 4.1.1 Ag socrú ar ais ar scoil

Bhí tuismitheoirí an-dearfach faoin dóigh ar shocraigh a gcuid páistí ar ais ar scoil i rith an téarma Meán Fómhair-Nollaig agus d’aontaigh tromlach mór na dtuismitheoirí go raibh a bpáiste socraithe go maith sa scoil .





Bhí tuismitheoirí an-dearfach freisin faoi na tacaíochtaí a bhí á soláthar ag múinteoirí agus baill foirne dá gcuid páistí agus iad buíoch díobh agus iad ag socrú ar ais ar scoil. D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir dalta bunscoile agus scoláirí i scoileanna speisialta gur thacaigh múinteoirí agus baill foirne lena bpáiste socrú isteach sa scoil sa téarma Meán Fómhair-Nollaig 2020. Ar an mbonn céanna, bhí tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscoile don chuid ba mhó, an-dearfach faoin leibhéal tacaíochta a bhí á soláthar ag

múinteoirí agus baill foirne dá gcuid páistí agus iad ag socrú ar ais ar scoil sa téarma Meán Fómhair-Nollaig.





### 4.1.2 Aistrithe

Sa chás ina raibh páistí ag tosú ar scoileanna nua i mí Mheán Fómhair, tuairiscíodh gur éirigh go han-mhaith ar na haistrithe ar an dá leibhéal, agus d'aontaigh beagnach gach tuismitheoir páistí go raibh na haistrithe sin ag leibhéil naíonán sóisearach agus na chéad bhliana araon ag aontú go raibh a gcuid páistí socraithe go maith ina scoil nua.




### 4.1.3 Eispéiris ó lá go lá


Léirigh páistí ag leibhéal na bunscoile agus scoláirí ag leibhéal iar-bhunscoile agus i scoileanna speisialta sástacht ard maidir lena dtaithí scoile le linn na tréimhse Meán Fómhair go Deireadh Fómhair 2020. Thug trí-cheathrú de dhaltaí bunscoile agus beagnach gach scoláire i scoileanna speisialta le fios go raibh siad sásta a bheith ar scoil. Níor thug ach beagán níos mó ná leath na scoláirí iar-bhunscoile le fios go láidir, áfach, go raibh siad sásta ar scoil. In ainneoin nach ndearnadh sna suirbhéanna iniúchadh ar na cúiseanna leis an difríocht seo idir foghlaimeoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, cuireadh le fios i rith na teagmhála a rinne an Chigireacht le fócasghrúpaí daltaí agus scoláirí le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2020 go bhféadfaí bearta coisctheacha a bhaineann le COVID-19, mar shampla na mascanna aghaidhe a chaitheamh, drochthionchar a bheith aige, in éineacht le leibhéil imní timpeall COVID-19, ar eispéireas roinnt scoláirí iar-bhunscoile ar scoil.




Thug tuismitheoirí daltaí/scoláirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta le fios go raibh a gcuid páistí sásta a bheith ar ais ar scoil, cé go raibh céatadán na dtuismitheoirí bunscoile a thug é seo le fios go raibh i bhfad níos airde ná cion na dtuismitheoirí iar-bhunscoile. Thuairiscigh beagnach gach tuismitheoir páiste bunscoile agus formhór na dtuismitheoirí páistí i scoileanna speisialta go raibh a gcuid páistí sásta a bheith ar ais ar scoil.





D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir páistí i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta go raibh a bpáiste in ann dul ar scoil agus filleadh ón scoil go sábháilte.





### 4.1.4 Ceisteanna Oibriúcháin

Ar an iomlán, ba eispéireas an-rathúil agus dearfach é filleadh ar scoil do na príomhoidí agus na múinteoirí sin a d’fhreagair. In ainneoin na ndúshlán, thug príomhoidí agus


múinteoirí le fios go raibh scoileanna ag feidhmiú go héifeachtach sa chéad leath den téarma nua.




Thug tromlach na bpríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile le fios go raibh siad ag déileáil go maith ina róil cheannaireachta ó athosclaíodh a gcuid scoileanna. Thug níos lú ná leath na bpríomhoidí sna scoileanna speisialta a sampláladh le fios, áfach, go raibh siad ag déileáil go maith ina róil cheannaireachta tráth an tsuirbhé.



Go ginearálta, d’aontaigh tromlach na múinteoirí go raibh siad ag déileáil go maith ina róil teagaisc cé gur thug díreach os cionn an cúigiú cuid de mhúinteoirí iar-bhunscoile le fios nach raibh siad ag déileáil go maith.





### 4.1.5 Tacaíochtaí maidir le hAthoscailt Scoileanna

Mar ullmhúchán d’athoscailt scoileanna i mí Mheán Fómhair, d’ullmhaigh agus d’fhoilsigh an Roinn raon doiciméad, lena n-áirítear plean freagartha COVID-19 um scoileanna a athoscailt go sábháilte, oiliúint agus acmhainní, tacaíochtaí don earnáil oideachais speisialta, cloí le rialacháin COVID-19 i dtimpeallacht na scoile, treoir maidir leis an gcuraclam a idirghabháil i gcomhthéacs COVID agus socruithe measúnaithe do 2021[2]. Léirigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh rochtain fhorleathan ar na doiciméid tacaíochta seo. D'aontaigh níos mó ná leath na bpríomhoidí bunscoile agus beagnach leath na bpríomhoidí iar-bhunscoile go raibh siad sásta leis an raon tacaíochtaí a bhí ar fáil dóibh.


---

[2] Tá an raon iomlán doiciméad treorach atá á soláthar ag an Roinn chun tacú le hathoscailt scoileanna ar fáil ag na naisc seo a leanas:
https://www.gov.ie/en/publication/a0bff-reopening-our-primary-and-special-school
https://www.gov.ie/en/publication/7acad-reopening-our-post-primary-schools/




### 4.1.6 Rochtain a fháil ar chlúdach ó ionadaithe do mhúinteoirí atá as láthair

Léiríodh sna freagraí ar na suirbhéanna go raibh deacrachtaí ag idir aon-trian agus leath de phríomhoidí rochtain a fháil ar chlúdach ó ionadaithe do mhúinteoirí as láthair.




## 4.2 Folláine


Leagadh béim i go leor de na cáipéisí treorach a soláthraíodh do scoileanna agus iad ag ullmhú don athoscailt i mí Mheán Fómhair, ar an tábhacht a bhaineann le scoileanna tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tacú le folláine daltaí/scoláirí. Léirítear i bhfianaise an tsuirbhé seo go raibh rath suntasach ann maidir leis seo. Chuir scoileanna tacaíochtaí ar fáil freisin ar mhaithe le folláine na foirne.

#### 4.2.1 Tacaíochtaí d'fholláine foghlaimeora


D'fhreagair an chuid ba mhó de na príomhoidí bunscoile agus speisialta agus beagnach gach príomhoide iar-bhunscoile gur chuir a gcuid scoileanna tacaíochtaí breise i bhfeidhm ar mhaithe le folláine na ndaltaí/scoláirí.




Chuir formhór na múinteoirí in iúl go raibh siad sásta leis an tacaíocht a bhí á soláthar ag a scoil d'fholláine na bhfoghlaimeoirí i gcomhthéacs COVID-19.





Chuir tuismitheoirí in iúl freisin leibhéil arda sástachta leis na tacaíochtaí a bhí á gcur ar fáil ag scoileanna d'fholláine a bpáistí. D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir dalta ag leibhéal na bunscoile agus i scoileanna speisialta go raibh múinteoirí agus baill foirne ag tacú le folláine a bpáistí, agus d'aontaigh trí-cheathrú de thuismitheoirí uile na scoláirí ag leibhéal iar-bhunscoile a d'fhreagair.




### 4.2.2 Feasacht ar an áit chun cabhair a lorg

I measc na dtacaíochtaí atá ar fáil, d’fhorbair na Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta (NEPS) comhairle agus acmhainní do dhaoine óga chun a saol a bhainistiú agus a bheith folláin le linn COVID-19. Chuir formhór na dtuismitheoirí in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na tacaíochtaí a bhí ar fáil má bhí imní orthu faoi fholláine a bpáiste.





Dhearbhaigh an chuid ba mhó de na daltaí/scoláirí go raibh a fhios acu cá háit le cabhair a lorg má bhí sí ag teastáil uathu. Dhearbhaigh an chuid is mó de na scoláirí iar-bhunscoile agus scoileanna speisialta go raibh duine éigin ina scoil ar féidir leo labhairt leis má bhí imní orthu faoi rud ar bith.




#### 4.2.3 Tacaíochtaí d'fholláine foirne

Ó na seisiúin chomhairleacha le príomhoidí, tuigeann an Chigireacht gur bhain go leor scoileanna úsáid as na hacmhainní a d'ullmhaigh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) d'fhoirne scoile le húsáid le linn COVID-19. Thug príomhoidí a d'fhreagair an suirbhé le fios gur chuir tromlach na mbunscoileanna agus an chuid is mó de na hiar-bhunscoileanna agus na scoileanna speisialta tacaíochtaí breise i bhfeidhm ar mhaithe le folláine na foirne.




Bhí tromlach na múinteoirí sásta leis na leibhéil tacaíochta a bhí ag a gcuid scoileanna chun soláthar a dhéanamh d'fholláine múinteoirí i gcomhthéacs COVID-19.





### 4.2.4 Deiseanna d'fhoghlaimeoirí sóisialú

I ndiaidh do na scoileanna a bheith dúnta ar feadh i bhfad, d'aontaigh tuismitheoirí, múinteoirí agus foghlaimeoirí iad féin gurb é ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le hathoscailt scoileanna ná an deis do pháistí bualadh lena gcairde agus sóisialú lena gcairde arís. Thuairiscigh formhór mór na bhfoghlaimeoirí go raibh deiseanna acu a bheith ag súgradh/sóisialú lena gcairde i rith an lae scoile ó d'fhill siad ar scoil i mí Mheán Fómhair.



#### 4.2.5 Scoileanna mar thimpeallachtaí oibre sábháilte

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm pholasaithe COVID-19 go léir i scoileanna, thug tromlach na bpríomhoidí agus na múinteoirí le fios gur mhothaigh siad sábháilte ar scoil. Tugadh le fios sna freagraí, áfach, gur mhothaigh níos lú ná leath na múinteoirí iar-bhunscoile a d'fhreagair gur mhothaigh siad sábháilte ar scoil ach go raibh leibhéil áirithe easaontais agus éiginnteachta ina measc faoi shábháilteacht ar fud na n-earnálacha scoile go léir.




## 4.3 Teagasc agus Foghlaim


Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé gur éirigh go han-mhaith leis an teagasc agus an fhoghlaim nuair a d'oscail scoileanna arís agus go raibh múinteoirí sásta leis an dóigh a raibh a gcuid oibre ag dul ar aghaidh i seomraí ranga agus i gceachtanna. Mar gheall ar na hathruithe a bhí riachtanach i scoileanna mar gheall ar COVID-19, bhí ar mhúinteoirí na dóigheanna ar oibrigh siad i seomraí ranga a chur in oiriúint agus a athrú. Ba dhíol suntais ar leith é seo na torthaí dearfacha ar infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna. Bhí múinteoirí agus tuismitheoirí sásta go raibh ag éirí go maith leis an bhfoghlaim. Bhí an chuid ba mhó de na daltaí bunscoile agus na scoláirí scoileanna speisialta agus tromlach na scoláirí iar-bhunscoile ag baint sult as a dtaithí foghlama agus bhí siad sásta leis an dóigh a raibh a gcuid foghlama ag dul ar aghaidh.

### 4.3.1 Teagasc agus Foghlaim ar an Iomlán


Nuair a athosclaíodh scoileanna i Meán Fómhair 2020, bhí múinteoirí ar an airdeall faoin áit a raibh a gcuid daltaí/scoláirí maidir lena gcuid foghlama. Thuairiscigh príomhoidí gur oibrigh múinteoirí le chéile chun na pointí tosaigh foghlama seo a aithint agus tógáil orthu do dhaltaí agus scoláirí i gcomhthéacs COVID-19.





Mar thoradh air sin, thug beagnach gach príomhoide bunscoile agus iar-bhunscoile agus an chuid ba mhó de phríomhoidí scoileanna speisialta le fios go raibh ag éirí go maith leis an teagasc agus an fhoghlaim ina gcuid scoileanna.




Bhí an chuid na mhó de na múinteoirí bunscoile agus scoileanna speisialta agus tromlach na múinteoirí iar-bhunscoile sásta leis an dóigh a raibh an teagasc ag dul ar aghaidh ina seomraí ranga agus ina gceachtanna.





Ar a bharr sin, bhí tromlach suntasach de mhúinteoirí bunscoile agus múinteoirí scoileanna speisialta sásta faoi leibhéil rannpháirtíochta na ndaltaí/scoláirí ina gceachtanna .





### 4.3.2 Cur chuige teagaisc

Cuireann ceanglas chun scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm srianta díreacha ar scoileanna agus ar sheomraí ranga agus, dá bharr sin, bhí ar go leor múinteoirí gnéithe den dóigh a mhúineann siad a athrú. Chuir an chuid ba mhó de na múinteoirí in iúl go raibh cineálacha éagsúla cur chuige teagaisc á n-úsáid acu in áit na gceann a d'úsáid siad roimhe seo.




Bhí tromlach na múinteoirí muiníneach nach raibh drochthionchar aige seo ar cháilíocht a gcuid teagaisc. Bhí cuid acu ann, áfach, a bhí den tuairim nach raibh a gcuid teagaisc chomh maith mar thoradh ar na hathruithe .





### 4.3.3 Tacaíochtaí don Mhúinteoireacht

Chuir beagnach gach múinteoir i ngach earnáil in iúl go raibh rochtain acu ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc .




#### 4.3.4 Taithí an Fhoghlaimeora

Chuir an chuid ba mhó de na foghlaimeoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta agus tromlach na scoláirí in iar-bhunscoileanna in iúl go raibh siad ag baint taitnimh as a gcuid ceachtanna ‘an t-am ar fad’ nó ‘an chuid is mó’ den am.





Maítear i dtreoir curaclaim ag leibhéal bunscoile agus treoir cláir ag leibhéal iar-bhunscoile gur chóir go gcuirfeadh eispéiris foghlama beartaithe deiseanna ar fáil chun idirghníomhú sóisialta agus comhoibriú idir daltaí/scoláirí a éascú. D'aontaigh an chuid ba mhó de na múinteoirí bunscoile agus na múinteoirí scoileanna speisialta gur thug na socruithe seomra ranga nuair a rinneadh iad a athoscailt deis dóibh deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bheith ag obair le chéile le linn ceachtanna. In ainneoin gur thug níos mó ná leath na múinteoirí iar-bhunscoile le fios go raibh siad in inmhe dul ar aghaidh ag soláthar deiseanna dá gcuid scoláirí chun a bheith ag obair le chéile le linn ceachtanna, mhaígh mionlach suntasach nach bhféadfaidís a leithéid de dheiseanna a sholáthar.





#### 4.3.5 Torthaí d'Fhoghlaimeoirí

Ar an mórchuid, d'aontaigh príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí go raibh an fhoghlaim ag dul ar aghaidh go maith. Mhaígh an chuid ba mhó de na príomhoidí a d'fhreagair go raibh na foghlaimeoirí ina scoileanna ag déanamh dul chun cinn ina bhfoghlaim. D'aontaigh beagnach gach múinteoir ag leibhéal na bunscoile agus i scoileanna




speisialta, agus trí-cheathrú de na múinteoirí ag leibhéal iar-bhunscoile go raibh na foghlaimeoirí ina scoileanna ag déanamh dul chun cinn ina bhfoghlaim.

Thug tuismitheoirí tuilleadh de bhunús leis seo. D'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí ag leibhéal iar-bhunscoile agus beagnach gach tuismitheoir ag leibhéal bunscoile go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag a gcuid páistí ina bhfoghlaim.





D'aontaigh foghlaimeoirí freisin go raibh ag éirí go maith lena gcuid foghlama, agus d'aontaigh an chuid ba mhó de na páistí bunscoile, trí cheathrú de scoláirí scoile speisialta agus tromlach na scoláirí iar-bhunscoile leis seo. Thug díreach os cionn an cúigiú cuid d'fhoghlaimeoirí iar-bhunscoile le fios nach raibh siad cinnte conas a bhí ag éirí leo lena gcuid foghlama. Nuair a scrúdaíodh an grúpa scoláirí a bhí ag ullmhú le haghaidh na scrúduithe Stáit in 2021, aimsíodh go raibh an cúigiú cuid de scoláirí an séú bliain nach raibh ag éirí go maith lena gcuid foghlama agus nach raibh ceathrú eile cinnte faoin dóigh a raibh a gcuid foghlama ag dul ar aghaidh.





### 4.3.6 Aiseolas ón bhFoghlaim

Is tábhachtach go bhfaigheann foghlaimeoirí aiseolas tacúil, cuiditheach agus tráthúil óna múinteoirí ar an dóigh a bhfuil a gcuid foghlama ag dul chun cinn. D'aontaigh trí-cheathrú de na daltaí i mbunscoileanna go raibh a gcuid múinteoirí ag cur in iúl dóibh conas a bhí ag éirí leo lena gcuid foghlama. Thug an chuid ba mhó de na scoláirí i scoileanna speisialta le fios go raibh a gcuid múinteoirí ag tabhairt aiseolais dóibh ar an dóigh a raibh ag éirí leo lena gcuid foghlama.




### 4.3.7 Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí

Tugadh le fios i dtorthaí an tsuirbhé go láidir go raibh scoileanna ag soláthar an-chuid tacaíochta do scoláirí chun cabhrú lena riachtanais foghlama. In iar-bhunscoileanna, d’aontaigh an chuid ba mhó de na daltaí go bhféadfaidís cabhair a fháil má bhí siad den tuairim go raibh siad ag titim ar gcúl lena gcuid foghlama.





### 4.3.8 Infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

Léiríodh sna suirbhéanna torthaí an-dearfacha maidir le hinfhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna. Mhaígh beagnach gach príomhoide agus múinteoir go raibh ardán foghlama digití i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna chun tacú le teagasc agus foghlaim.




D’aontaigh príomhoidí agus múinteoirí go láidir go raibh eolas forleathan ar fud na n-earnálacha ar conas ardáin dhigiteacha na scoileanna a úsáid.


D’aontaigh príomhoidí agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile go raibh a fhios ag a ndaltaí/scoláirí conas ardáin dhigiteacha na scoileanna a úsáid. Mar sin féin, bhí leibhéal nios airde easaontais faoi seo i measc príomhoidí agus múinteoirí i scoileanna speisialta.




D'aontaigh tromlach na múinteoirí bunscoile agus an chuid ba mhó de na múinteoirí iar-bhunscoile go raibh cur amach ag foghlaimeoirí ina rang ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid mar chuid dá gcuid foghlama.





Thug múinteoirí ar fud na n-earnálacha go léir le fios go raibh teicneolaíochtaí digiteacha á n-úsáid acu go rialta acu ina gcuid teagaisc. Thug trí-cheathrú de na múinteoirí i scoileanna speisialta le fios go raibh teicneolaíochtaí digiteacha á n-úsáid acu i ngach ceacht nó gach lá. D'aontaigh an chuid ba mhó de na múinteoirí bunscoile agus beagnach gach múinteoir iar-bhunscoile gur bhain siad úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha i ngach ceacht nó gach lá.



### 4.3.9 Socruithe d’fhoghlaimeoirí atá i mbaol an-ard

Bhí scoláirí nach raibh in ann filleadh ar scoil toisc gur deimhníodh ó thaobh sláinte de go raibh siad i mbaol an-ard COVID-19 a tholgadh. Thuairiscigh líon beag príomhoidí bunscoileanna go raibh roinnt páistí acu nach raibh in ann filleadh mar gheall air seo. Bhí an líon i bhfad níos airde ag an leibhéal iar-bhunscoile nuair a thuairiscigh beagnach dhá-chúigiú de phríomhoidí iar-bhunscoile go raibh scoláirí acu nach raibh ar scoil toisc go raibh siad deimhnithe de réir míochaine go raibh siad i mbaol mór do COVID-19.





Tugtar achoimre ar thacaíochtaí don chohórt seo de dhaltaí/scoláirí i ndoiciméid atá curtha amach ag an Roinn Oideachais, agus d’aontaigh gach príomhoide bunscoile agus beagnach gach príomhoide iar-bhunscoile a raibh scoláirí ardriosca acu go raibh bearta i bhfeidhm acu lena dheimhniú go bhféadfadh na scoláirí seo leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama. Ag leibhéal na bunscoile, thuairiscigh príomhoidí gur múinteoirí ranga a sholáthraíonn an tacaíocht seo den chuid is mó agus, ag leibhéal iar-bhunscoile, múinteoirí ábhair a chuireann ar fáil í don chuid is mó.

## 4.4 Cur i bhfeidhm bearta COVID-19

Tosaíocht náisiúnta atá ann scoileanna a oibriú go sábháilte agus go hinbhuanaithe agus bíonn ar scoileanna cleachtais a chur i bhfeidhm chun riosca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne. Léiríodh sna freagraí ar na suirbhéanna gur ghlac scoileanna sa tréimhse Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2020 le beagnach gach cleachtas agus rialachán riachtanach. Bhí comhoibriú forleathan i measc múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí le socruithe scoileanna maidir le COVID-19. D'fhreastail príomhoidí agus múinteoirí ar chúrsaí oiliúna a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus bhí siad ar an eolas faoi na bearta riachtanacha ba chóir dóibh a dhéanamh chun leathadh COVID-19 a chosc ina gcuid scoileanna.

### 4.4.1 Oiliúint fhoirne


Thug beagnach gach múinteoir i ngach scoil le fios go ndearna siad oiliúint COVID-19 a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais.





### 4.4.2 Polasaithe agus nósanna imeachta

Tugadh le fios sna suirbhéanna go raibh polasaithe agus nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach i scoileanna le linn na céime athoscailte chun cuidiú le leathadh COVID-19 a chosc i measc na foirne agus na ndaltaí/scoláirí. Thuairiscigh gach príomhoide bunscoile agus múinteoir agus gach príomhoide iar-bhunscoile agus beagnach gach múinteoir iar-bhunscoile go raibh beartas COVID-19 ag a gcuid scoileanna agus go raibh príomhionadaithe oibrithe ceaptha ag a scoil. Thuairiscigh na príomhoidí go léir gur choinnigh siad logleabhar teagmhála. Thuairiscigh an chuid ba mhó de na príomhoidí bunscoile, beagnach gach príomhoide iar-bhunscoile agus


tromlach na bpríomhoidí scoileanna speisialta go raibh polasaí ag a scoil maidir le cuairteoirí ar fhoirgneamh na scoile.





In iar-bhunscoileanna, thuairiscigh beagnach gach príomhoide go raibh socruithe i bhfeidhm ag a scoil chun an trealamh a úsáidtear in ábhair phraiticiúla a ghlanadh go rialta.




D'aontaigh príomhoidí go raibh comhoibriú forleathan i measc múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí le socruithe scoileanna maidir le COVID-19.





D'aontaigh beagnach gach foghlaimeoir gur chuidigh a gcuid múinteoirí agus daoine fásta eile ar scoil leo rialacha na scoile a leanúint maidir le leathadh COVID-19 a chosc.




Bhí a fhios ag beagnach gach príomhoide agus múinteoir cad iad na bearta ba cheart a dhéanamh dá mbeadh cuma air go raibh siomptóim COVID-10 ag teacht ar dhalta/scoláire ina scoil.





Bhí beagnach gach tuismitheoir muiníneach go mbeadh a fhios ag an scoil cad ba cheart a dhéanamh dá dtiocfadh tinneas ar a bpáiste.




Tugadh comhairle do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta boilgeoga ranga a chur le chéile a ligfeadh do ranganna ar leithligh fanacht amach ó ranganna eile a oiread agus ab fhéidir. Dá réir seo, d'aontaigh formhór na ndaltaí bunscoile agus na scoláirí scoile speisialta a d'fhreagair an suirbhé gur fhan siad i gcónaí sa ghrúpa céanna ag a mbord sa seomra ranga.





D'aontaigh páistí bunscoile agus scoláirí ó scoileanna speisialta freisin go raibh siad ag súgradh le páistí óna seomra ranga féin sa chlós.




D'aontaigh tromlach na scoláirí iar-bhunscoile gur coinníodh bliainghrúpaí óna chéile i rith an lae scoile.





Bhí comhaontú foriomlán idir daltaí/ scoláirí gur lean bunús na ndaoine ina scoil rialacha na scoile maidir le leathadh COVID-19 a chosc agus choinnigh siad leis an scaradh sóisialta. Is cosúil gur chloígh páistí bunscoile agus scoláirí i scoileanna speisialta le scaradh sóisialta níos minice.





### 4.4.3 Díghalrán Lámh

D'aontaigh na múinteoirí go léir go raibh díghalráin láimhe ag a scoil ag an bpríomhbhealach isteach agus d'aontaigh beagnach gach duine go raibh díghalráin láimhe ar fáil i seomraí ranga. Thug beagnach na múinteoirí go léir i mbunscoileanna agus an chuid ba mhó de na múinteoirí in iar-bhunscoileanna le fios gur dhíghalraigh na

foghlaimeoirí ina rang a lámha ar an mbealach isteach i bhfoirgneamh na scoile agus gur dhíghalraigh siad a lámha go rialta i rith an lae scoile.





Dheimhnigh foghlaimeoirí é seo. Ag leibhéal na bunscoile, d’aontaigh tromlach na ndaltaí go n-úsáideann daltaí ina seomra ranga díghalrán lámh i gcónaí agus iad ag teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile agus d’aontaigh níos mó ná leath de na daltaí iar-bhunscoile go léir. I dteannta le díghalrán a úsáid ar maidin, d’aontaigh trí-cheathrú de na daltaí ag leibhéal na bunscoile agus níos mó ná leath de na scoláirí iar-bhunscoile go n-úsáideann siad díghalrán lámh i gcónaí i rith an lae .




### 4.4.4 Clúdaigh aghaidheanna

Ag leibhéal iar-bhunscoile mar a mbíonn sé riachtanach clúdaigh aghaidheanna a chaitheamh, thug gach scoláire iar-bhunscoile le fios go raibh a fhios acu na rialacha maidir le clúdaigh aghaidheanna a chaitheamh, agus d’aontaigh beagnach gach duine gur gnách go gcoinníonn scoláirí ina scoil na rialacha maidir le clúdaigh aghaidheanna a chaitheamh. D'aontaigh gach tuismitheoir iar-bhunscoile gur éiligh an scoil ar a bpáiste clúdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ar scoil agus thuairiscigh an chuid ba mhó de na múinteoirí iar-bhunscoile gur lean na scoláirí na rialacha maidir le clúdaigh aghaidheanna a chaitheamh. D'aontaigh an chuid ba mhó de na scoláirí ag leibhéal iar-bhunscoile go gcaitheann a múinteoirí clúdaigh aghaidhe le linn ceachtanna.





### 4.4.5 Cumarsáid le tuismitheoirí

D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir bunscoile agus an chuid ba mhó de na tuismitheoirí iar-bhunscoile go raibh scoil a bpáistí ag obair go crua chun leathadh COVID-19 a chosc.





Bhí fianaise ann go raibh cumarsáid an-éifeachtach idir scoileanna agus tuismitheoirí maidir le prótacail COVID-19. Bhí a fhios ag tuismitheoirí go maith faoin méid a rinne scoil a bpáiste chun leathadh COVID-19 a chosc. D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir go raibh a fhios ag a bpáiste rialacha na scoile maidir le leathadh COVID-19 a chosc agus gur chuir scoil a bpáistí in iúl dóibh na nósanna imeachta ba cheart a leanúint dá mba mhian leo cuairt a thabhairt ar áitreabh na scoile agus na bearta atá le leanúint dá mbá mhian leo teagmháil a dhéanamh leis an scoil.



### 4.4.6 Socruithe i gcás dúnadh scoile iomlán nó páirteach

D'aontaigh beagnach gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta go raibh socruithe i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh daltaí/scoláirí leanúint dá gcuid foghlama i gcás go ndúnfaí scoil i bpáirt nó go hiomlán.



# 5. Torthaí agus conclúidí

## 5.1 Príomhchinntí

### 5.5.1 Eispéireas Scoile

D'éirigh go maith leis an bhfilleadh ar scoil i Meán Fómhair 2020 agus eispéireas an-dearfach ba ea é do go leor daltaí/scoláirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta. D'aontaigh páistí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí go mór lena bhfreagraí suirbhé gur éirigh le hathoscailt scoileanna agus gur shocraigh daltaí agus scoláirí go maith ar scoil. Is cosúil gur éirigh go maith le páistí a bhí ag aistriú isteach i scoileanna nua ag leibhéal na naíonán sóisearach agus na chéad bhliana. Thuairiscigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh a scoil á rith go héifeachtach agus thug siad le fios go raibh siad ag déileáil go maith lena róil faoi leith. Bhí rochtain ag pearsanra scoile ar an gcáipéisíocht a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais chun ullmhú d'athoscailt scoileanna. Léiríodh sna freagraí ar na príomhoidí go raibh deacrachtaí ag idir aon-trian agus leath de phríomhoidí rochtain a fháil ar chlúdach ó ionadaithe do mhúinteoirí as láthair.

### 5.5.2 Folláine

Leagadh béim sna cáipéisí treorach ar fad a soláthraíodh do scoileanna agus iad ag ullmhú don athoscailt i mí Mheán Fómhair, ar an tábhacht a bhaineann le scoileanna tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tacú le folláine daltaí/scoláirí. Léirítear i bhfianaise an tsuirbhé seo gur baineadh rath suntasach amach sa ghné seo agus gur chuir scoileanna an-dua orthu féin chun tacaíochtaí sa bhreis a thabhairt d'fholláine múinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí. Chuir tuismitheoirí agus baill foirne teagaisc in iúl go raibh siad sásta leis na tacaíochtaí folláine a bhí i bhfeidhm. Bhí tuismitheoirí agus scoláirí ar an eolas faoi na tacaíochtaí a bhí ar fáil má bhí imní orthu faoi rud ar bith. Bhí daltaí/scoláirí an-dearfach de bharr go raibh deiseanna acu a bheith ag súgradh / sóisialú lena gcairde i rith an lae scoile. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm pholasaithe COVID-19 go léir i scoileanna, thug tromlach na bpríomhoidí agus na múinteoirí le fios gur mhothaigh siad sábháilte ar scoil. D'easaontaigh roinnt múinteoirí a d'fhreagair agus léirigh siad éiginnteacht, áfach, maidir le mothú sábháilte ina gcuid scoileanna.

### 5.5.3 Teagasc agus Foghlaim

Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé gur éirigh go han-mhaith leis an teagasc agus an fhoghlaim nuair a d'oscail scoileanna arís agus go raibh múinteoirí sásta leis an dóigh a raibh a gcuid oibre ag dul ar aghaidh i seomraí ranga agus i gceachtanna. Ag tús an téarma, ghlac múinteoirí an t-am chun a fháil amach cá raibh na daltaí/scoláirí ina gcuid foghlama agus chun tógáil ar na pointí tosaigh sin. Mar gheall ar na hathruithe a bhí riachtanach i scoileanna mar gheall ar COVID-19, bhí ar mhúinteoirí na dóigheanna ar oibrigh siad i seomraí ranga a chur in oiriúint agus a athrú.

Bhí múinteoirí agus tuismitheoirí sásta go raibh daltaí/scoláirí ag glacadh páirt go maith i gceachtanna agus go raibh ag éirí go maith leis an bhfoghlaim. Bhí daltaí/scoláirí ag baint suilt as a n-eispéiris foghlama agus bhí siad sásta leis an dóigh a raibh a gcuid foghlama ag dul ar aghaidh. Chuir scoileanna an-chuid tacaíochta ar fáil do scoláirí chun cuidiú lena riachtanais foghlama. In iar-bhunscoileanna, d'aontaigh an chuid ba mhó de na daltaí go bhféadfaidís cabhair a fháil má bhí siad den tuairim go raibh siad ag titim ar gcúl lena gcuid foghlama. Chuir beagnach gach múinteoir i ngach earnáil in iúl go raibh rochtain acu ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc.

Léirigh na suirbhéanna torthaí an-dearfacha maidir le hinfhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna. D'aontaigh beagnach gach príomhoide agus múinteoir go raibh ardán foghlama digití i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna chun tacú le teagasc agus foghlaim agus go raibh cur amach ag múinteoirí agus daltaí/scoláirí ar na hardáin foghlama digití a úsáid. Bhí roinnt daltaí/scoláirí ann nach raibh in ann filleadh ar scoil toisc gur deimhníodh ó thaobh sláinte de go raibh siad i mbaol an-ard. D'aontaigh na príomhoidí bunscoile go léir agus beagnach gach príomhoide iar-bhunscoile a raibh daltaí/scoláirí ardriosca acu go raibh bearta i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh na daltaí/scoláirí seo leanúint dá gcuid foghlama.

#### 5.5.4 Cur i bhfeidhm bearta COVID-19

Tosaíocht náisiúnta atá ann scoileanna a oibriú go sábháilte agus go hinbhuanaithe, ar oscailte dóibh, agus bíonn ar scoileanna cleachtais a chur i bhfeidhm chun riosca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne. Léirítear i bhfreagraí ar na suirbhéanna gur ghlac scoileanna go ginearálta leis na cleachtais agus na rialacháin riachtanacha. Bhí comhoibriú forleathan i measc múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí le socruithe scoileanna maidir le COVID-19. D'fhreastail príomhoidí agus múinteoirí ar chúrsaí oiliúna a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus bhí siad ar an eolas faoi na bearta riachtanacha ba chóir dóibh a dhéanamh chun leathadh COVID-19 a chosc ina gcuid scoileanna. Cuireadh na bearta seo do dhaltaí/scoláirí in iúl go han-éifeachtach. D'aontaigh beagnach gach iar-bhunscoil agus an chuid ba mhó de na bunscoileanna go raibh socruithe i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh daltaí/scoláirí leanúint dá gcuid foghlama i gcás go ndúnfaí scoil i bpáirt nó go hiomlán.

## 5.2 Príomhchonclúidí

- Léirítear sna suirbhéanna gur dúshlán a bhí ann do phríomhoidí ionadaithe a aimsiú.
- Tá sé riachtanach a chinntiú go bhfanfaidh gach ball foirne ar an eolas maidir leis an raon ábhartha d'acmhainní na Roinne Oideachais ar mhaithe le tacú le hoibriú sábháilte scoileanna agus le hidirghabháil éifeachtach an churaclaim i gcomhthéacs paindéime.

- Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aiseolas do dhaltaí/scoláirí ar a gcuid oibre cibé acu i gcomhthéacs duine le duine nó i gcomhthéacs na foghlama go cianda agus go gcuirfí tuismitheoirí san áireamh, ó am go céile sa phróiseas aiseolais sin.
- Is gá do gach duine a bheith airdeallach maidir le folláine na foirne / na bhfoghlaimeoirí, go háirithe scoláirí iar-bhunscoile i bhfianaise thorthaí an tsuirbhé.